C/2026/3577

3.7.2026

Bailiúchán liostaí náisiúnta rialaithe faoi Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas de chuid an Aontais chun onnmhairí, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú ([1])

(C/2026/3577)

Le hAirteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2021/821 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo thíos), ceanglaítear go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* bailiúchán liostaí náisiúnta rialaithe atá i bhfeidhm sna Ballstáit agus a dtugtar fógra ina leith don Choimisiún agus do na Ballstáit eile de bhun Airteagal 9 den Rialachán.

Le hAirteagal 10(1) den Rialachán, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit eile ceanglas údarúcháin a fhorchur maidir le honnmhairiú ítimí ar bhonn liosta náisiúnta rialaithe arna ghlacadh ag Ballstát agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(4) den Rialachán.

Bailítear na liostaí náisiúnta rialaithe ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 9(2) sin den Rialachán sa bhailiúchán sin.

Mura sonraítear a mhalairt sna hiontrálacha thíos, tá na liostaí náisiúnta rialaithe infheidhme maidir le honnmhairí chuig gach ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.

Mura sonraítear a mhalairt sna hiontrálacha thíos, tá feidhm *mutatis mutandis* ag na Nótaí Ginearálta a ghabhann le hIarscríbhinn I, ag an Nóta Ginearálta Teicneolaíochta, ag an Nóta Ginearálta Bogearra, agus ag na hAcrainmneacha, na Giorrúcháin agus na Sainmhínithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán.

CATAGÓIR 1 - ÁBHAIR SPEISIALTA AGUS TREALAMH GAOLMHAR

1B Trealamh Tástála, Iniúchta agus Táirgthe

1B904

Arna eisiúint ag an Spáinn ([2])

Trealamh monaraíochta suimithí atá deartha nó modhnaithe chun gairis nó cruthanna pléascacha, piriteicniúla nó tiomántáin a tháirgeadh ó ábhair fuinneamhachais, agus ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. Tá siad deartha nó modhnaithe chun na caighdeáin náisiúnta sábháilteachta is infheidhme maidir le timpeallachtaí ina bhfuil armlón a d'fhéadfadh a bheith pléascach a chomhlíonadh; nó

b. Easbhrúiteoir ultrasonach amháin nó níos mó.

1C Ábhair

1C901

Arna eisiúint ag an Spáinn ([3])

Níotráit amóiniam (CAS 6484-52-2) i gcéim phléascach ag a bhfuil tiúchan nítrigine 31,5 % nó níos mó.

Nóta 1:

Le hAirteagal 1C901, rialaítear níotráit amóiniam, níotráit amóiniam theicniúil, níotráit amóiniam ghránaithe, níotráit amóiniam scagach agus aon chur i láthair eile inar féidir í a úsáid mar ocsaídeoir soladach.

([1]) IO L 206, 11.6.2021, lch. 1.
([2]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 1B901. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 7 Meitheamh 2023 ('Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).
([3]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 1C901. Iarscríbhinn III.4 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2022 ('Iarscríbhinn III.4 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).

Nóta 2:

Áirítear in Airteagal 1C901 meascáin phléascacha de níotráit amóiniam le holaí breosla, eibleachtaí, hidreaghlóthaí agus pléascáin uiscedhíonacha.

Nóta 3:

Ní rialaítear níotráit amóiniam i leasachán ard-dlúis agus i leasachán póiriúlachta ísle le hAirteagal 1C901.

Nóta 4:

Ní rialaítear le hAirteagal 1C901 eisiúint níotráite amóiniam (UN 1942 agus UN 2426) chun pléascáin a mhonarú, chomh maith le maitrísí eibleachtaí, fuaidreán agus glóthacha bunaithe ar níotráit amóiniam (UN 3375) a úsáidtear chun pléascáin a mhonarú, a bheidh faoi rialú ag Teagasc Teicniúil Forlíontach Uimh. 30 den Rialachán maidir le Pléascáin, arna fhormheas le Foraithne Ríoga 130/2017 an 24 Feabhra.

1C902

Arna eisiúint ag an Spáinn ([4])

Táirgí díorthaithe ó photaisiam, mar atá léirithe:

a. Clóiríd photaisiam (CAS 7447-40-7).

b. Leasacháin clóiríde potaisiam.

c. Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha atá bunaithe ar fhosfar agus potaisiam.

d. Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha atá bunaithe ar nítrigin, fosfar agus potaisiam.

1C903

Arna eisiúint ag an Spáinn ([5])

'Ábhair fuinneamhachais', agus substaintí gaolmhara, mar atá léirithe:

a. Nítriceallalós (CAS 9004-70-0).

b. 2,4,6-tríníotratolúéin (CAS 118-96-7).

Nóta Teicniúil:

Chun críocha 1C903, áirítear le hábhair fuinneamhachais agus substaintí gaolmhara na táirgí a thuairiscítear, chomh maith leo siúd a dhíorthaítear uathu le haghaidh mhonarú deiridh na bpléascán.

CATAGÓIR 3 - LEICTREONAIC

3A Córais, Trealamh agus Comhpháirteanna

Faisnéis bhreise maidir le 3A:

A mhéid a bhaineann leis an bhFionlainn, is infheidhme an nóta seo a leanas:

Le ciorcaid iomlánaithe, áirítear na cineálacha seo a leanas:

— *'Ciorcaid iomlánaithe mhonailiotacha';*

— *'Ciorcaid iomlánaithe hibrideacha';*

— *'Ciorcaid iomlánaithe ilslise';*

— *'Ciorcaid iomlánaithe scannánacha', lena n-áirítear ciorcaid iomlánaithe sileacain ar shaifír;*

— *'Ciorcaid iomlánaithe optúla';*

([4]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 1C902. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2025 ('Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).

([5]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 1C903. Iarscríbhinn III.4 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2025 ('Iarscríbhinn III.4 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).

— *'Ciorcaid iomlánaithe thríthoiseacha';*

— *'Ciorcaid Iomlánaithe Micreathoinne Mhonailiotacha'.*

3A901a16

Arna eisiúint ag an bhFionlainn [6]

Ciorcaid iomlánaithe a bhfuil ráta aistrithe déthreoch comhiomlán acu arb ionann é agus 600 gigibheart/s nó ar mó é ná sin thar gach ionchur agus aschur agus chuig ciorcaid iomlánaithe eile nó uathu, gan cuimhní randamrochtana a áireamh, agus a bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas acu nó atá in-ríomhchláraithe chun aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith acu:

a. Aonad próiseála digití amháin nó níos mó a chuireann treoracha meaisín i gcrích a bhfuil 'feidhmíocht próiseála iomlán' 6 000 nó níos mó acu;

b. 'Aonad ríomhaireachtúil bunúsach' digiteach amháin nó níos mó, cé is moite de na haonaid sin a rannchuidíonn leis na treoracha meaisín a shonraítear in 3A901a16.a a chur i gcrích, a bhfuil 'feidhmíocht próiseála iomlán' 6 000 nó níos mó acu;

c. 'Aonad ríomhaireachtúil bunúsach' analógach amháin nó níos mó a bhfuil 'feidhmíocht próiseála iomlán' 6 000 nó níos mó acu; nó

d. Aon mheascán d'aonaid próiseála digití agus 'aonaid ríomhaireachtúla bunúsacha' ar chiorcad iomlánaithe arb ionann a 'fheidhmíocht próiseála iomlán' thar 3A901a16, 3A901a16.b. agus 3A901a16.c. 6 000 nó níos mó.

Nóta 1:

Áirítear i gciorcaid iomlánaithe a shonraítear le 3A901a16 aonaid próiseála grafaice, aonaid próiseála teinseora, próiseálaithe néaracha, próiseálaithe inchuimhne, próiseálaithe radhairc, próiseálaithe téacs, comhphróiseálaithe/luasairí, próiseálaithe oiriúnaitheacha, gairis loighce in-ríomhchláraithe ag úsáideoir, agus ciorcaid iomlánaithe a bhaineann go sonrach leis an gcur i bhfeidhm.

N.B.Maidir le 'ríomhairí digiteacha' agus 'cóimeálacha leictreonacha' ina bhfuil ciorcaid iomlánaithe a shonraítear in 3A901a16, féach 4A907.

Nótaí Teicniúla:

Chun críocha 3A901a16:

1. *Is ionann 'feidhmíocht próiseála iomlán' fad giotáin in aghaidh na hoibríochta arna iolrú ag an bhfeidhmíocht phróiseála arna tomhas i dTearoibríochtaí (10^{12}) in Aghaidh an tSoicind thar gach aonad próiseála ar an gciorcad iomlánaithe. Mar shampla, is é 6 400 an fheidhmíocht próiseála iomlán le haghaidh ciorcad iomlánaithe a bhfuil dhá aonad próiseála digití aige a bhfuil ar a gcumas 200 tearoibríocht in aghaidh an tsoicind ag 16 ghiotán a dhéanamh (dhá phróiseálaí x 200 tearoibríocht in aghaidh an tsoicind x 16 ghiotán = 6 400). In 3A901a16c, is ionann 'feidhmíocht próiseála iomlán' gach 'aonad ríomhaireachtúil bunúsach' analógach agus an fheidhmíocht phróiseála arna sloinntear ina tearoibríocht in aghaidh an tsoicind arna iolrú faoi 8.*

2. *Sainmhínítear 'aonad ríomhaireachtúil bunúsach' mar aonad nach bhfuil meáchain inmhodhnaithe ann nó a bhfuil meáchan inmhodhnaithe ann, a fhaigheann ionchur amháin nó níos mó, agus a tháirgeann aschur amháin nó níos mó. Deirtear go ndéanann aonad ríomhaireachtúil oibríochtaí 2N-1 aon uair a thugtar aschur cothrom le dáta bunaithe ar ionchur N, i gcás ina n-áirítear gach meáchan inmhodhnaithe atá san eilimint phróiseála mar ionchur. D'fhéadfadh gach ionchur, meáchan agus aschur a bheith ina chomhartha-leibhéal analógach nó ina luach digiteach scálach a léirítear agus úsáid a bhaint as giotán amháin nó níos mó. Áirítear na haonaid seo a leanas sna haonaid ríomhaireachtúla:*

    — *Néaróin shaorga*

    — *Aonaid iolrúcháin-carntha*

    — *Aonaid snámhphointe*

    — *Aonaid iolraitheora analógacha*

    — *Aonaid phróiseála a úsáideann cuimhnefhriotóirí, guairnetreonaic nó maighneonaic*

    — *Aonaid phróiseála a úsáideann fótónaic nó optaic neamhlíneach*

    — *Aonaid phróiseála a úsáideann meáchain neamhluaineacha analógacha nó meáchain neamhluaineacha il-leibhéil*

[6] Cód náisiúnta coibhéiseach: 3A901c. Iarscríbhinn chun Gníomhú ar Rialú Onnmhairiúcháin Earraí Dé-úsáide 500/2024 an 16 Lúnasa 2024, a tháinig i bhfeidhm an 15 Meán Fómhair 2024 ('Iarscríbhinn a ghabhann le Gníomh 500/2024' ina dhiaidh seo).

— *Aonaid phróiseála a úsáideann cuimhne il-leibhéil nó cuimhne analógach*

— *Aonaid il-luacha nó aonaid il-leibhéil*

— *Aonaid spíceála*

3. *Áirítear ar na hoibríochtaí atá ábhartha do thearoibríochtaí in aghaidh an tsoicind a ríomh oibríochtaí scálacha agus comhábhair scálacha na n-oibríochtaí ilchodacha amhail oibríochtaí veicteora, oibríochtaí maitríse, agus oibríochtaí teinseora. Áirítear ar oibríochtaí scálacha oibríochtaí slánuimhreacha, oibríochtaí snámhphointe (a mheastar go minic le hoibríochtaí snámhphointe sa soicind), oibríochtaí pointe fhosaithe, oibríochtaí ionramhála giotáin, agus/nó oibríochtaí ar leibhéal na ngiotán.*

4. *Is ionann an ráta tearoibríochtaí in aghaidh an tsoicind agus an t-uasluach is féidir a bheith ann go teoiriciúil nuair atá na haonaid phróiseála uile ag oibriú go comhuaineach. Glactar leis gurb é an ráta tearoibríochtaí in aghaidh an tsoicind agus an ráta aistrithe déthreoch comhiomlán an luach is airde a mhaíonn an monaróir i lámhleabhar nó i mbróisiúr le haghaidh na slise.*

5. *Tá fad giotáin oibríochta cothrom leis an bhfad giotán is airde d'aon ionchur nó aschur de chuid na hoibríochta sin. Ina theannta sin, má tá an t-aonad próiseála deartha le haghaidh oibríochtaí lena mbaintear luachanna éagsúla giotán x tearoibríochtaí in aghaidh an tsoicind amach, ba cheart an luach giotán x tearoibríochtaí in aghaidh an tsoicind is airde a úsáid.*

6. *Maidir le haonaid phróiseála, lena soláthraítear próiseáil ar ghannmhaitrísí agus dlúthmhaitrísí araon, is iad luachanna tearoibríochtaí in aghaidh an tsoicind na luachanna chun dlúthmhaitrísí a phróiseáil (e.g., gan ghanntanas).*

3A911

Arna eisiúint ag an Spáinn ([7])

Ciorcaid leictrea-optúla agus 'ciorcaid iomlánaithe optúla', a bhfuil 70 nó níos mó 'cainéal optúla inteagmhála' acu agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

a. Tá tonntreoraí optúil amháin nó níos mó acu;

b. Tá gaireas trasnaíochta optúla inmheánach, líne moille, scoilteoir léis, iomlaoideoir pas nó athshonadóir fáinne amháin nó níos mó acu; agus

c. Aon cheann de na nithe seo a leanas:

1. Tá foinse tonntreoraí chomhtháite amháin nó níos mó acu d'fhótóin aonair nó d'fhótóin atá i bhfostú; nó

2. Tá fótabhrathadóir tonntreoraí chúpláilte amháin nó níos mó acu ag a bhfuil taifeach fótóin nialasaigh, taifeach aonfhótóin, agus taifeach ilfhótóin.

Nóta Teicniúil

Chun críocha 3A911, ríomhtar an líon 'cainéal optúil inteagmhála' i 'gciorcad iomlánaithe optúil' mar a leanas:

(an líon tonntreoraithe a chríochnaíonn i gcúplaire aschuir) + (an líon tonntreoraithe atá cúpláilte le fótabhrathadóir a shonraítear in 3A911).

3B Trealamh Tástála, Iniúchta agus Táirgthe

3B901f6

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([8])

Trealamh liteagrafaíochta, mar seo a leanas:

Trealamh céime agus athdhéanta (céim dhíreach ar an tsliseog) nó trealamh céime agus scanta (scanóir) d'ailíniú agus do nochtadh chun sliseoga a phróiseáil trí mhodhanna fóta-optúla nó x-ghathacha, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

a. Tá tonnfhad na foinse solais aige arb ionann é agus 193 nm nó ar faide é ná sin;

b. Tá ar a chumas patrún a tháirgeadh a bhfuil 'Méid na Tréithe Intaifithe is Lú' (MRF) aige arb ionann í agus 45 nm nó ar lú í ná sin; agus

c. Tá uasluach 'forleagan crágáin tiomnaithe' aige ar mó e ná 1,50 nm agus ar lú é ná 2,40 nm nó arb ionann é agus sin.

([7]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3A911. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2025 ('Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).

([8]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.f.6. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.

Nótaí Teicniúla:

1. *Déantar 'Méid na Tréithe Intaifithe is Lú' a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:*

$$\text{Méid na Tréithe Intaifithe is Lú} = \frac{(\text{tonnfhad foinse solais um nochtadh in nm}) \times (\text{fachtóir K})}{\text{Cró uimhriúil uasta}}$$

agus an fachtóir K = 0,25

Tugtar taifeach ar Méid na Tréithe Intaifithe is Lú freisin.

2. *Is é is 'forleagan crágáin tiomnaithe' ann, cruinneas ailínithe patrúin nua le patrún atá ann cheana agus atá priontáilte ar shliseog ag an gcóras liteagrafach céanna. Tugtar forleagan meaisín aonair ar 'fhorleagan crágáin tiomnaithe' freisin.*

3B901f7

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([9])

Trealamh, nach sonraítear in 3B501.f.1.b. ná in 3B901f6, atá deartha nó modhnaithe chun an líon sliseog a phróiseáiltear in aghaidh na huaire a mheánaítear thar aon eatramh ama atá níos mó ná 1 % den trealamh a rialaítear trí 3B501.f.1.b. nó 3B901f6 a mhéadú.

3B901k

Arna eisiúint ag an Spáinn ([10])

Trealamh atá deartha chun eitseáil thirim a dhéanamh ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. Trealamh atá deartha nó atá modhnaithe le haghaidh eitseáil thirim iseatrópach, a bhfuil roghnaíocht eitseála gearmániam sileacain go sileacan (SiGe:Si) aige ar mó í ná 100:1 nó arb ionann í agus sin; nó

b. Trealamh atá deartha nó atá modhnaithe le haghaidh eitseáil thirim ainiseatrópach, ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas;

   1. Tá foinsí cumhachta radaimhinicíochta aige ag a bhfuil aschur radaimhinicíochta bíogach amháin ar a laghad;

   2. Tá comhlaí mear-lasctha gáis tapúla aige a bhfuil aga lasctha acu ar lú é ná 300 milleasoicind; agus

   3. Tá crágán leictreastatach aige ag a bhfuil fiche eilimint teochta inathraithe inrialaithe nó níos mó.

Nóta 1:

Áirítear le 3B901k eitseáil trí fhréamhacha, iain, imoibrithe seicheamhacha nó imoibrithe neamhsheicheamhacha.

Nóta 2:

Áirítear le 3B901k eitseáil trí úsáid a bhaint as plasma a fhlosctar le bíog cumhachta radaimhinicíochta, as plasma a fhlosctar le timthriall bíogach, as plasma atá modhnaithe le voltas bíogach ar leictreoidí, as instealladh timthriallach agus ionú gás in éineacht le plasma, as eitseáil cisil adamhaigh ar phlasma nó eitseáil cisil cuasadamhaigh ar phlasma.

Nóta Teicniúil 1:

Chun críoch 3B901k, tomhaistear roghnaíocht eitseála gearmáiniam sileacain go sileacan (SiGe:Si) le haghaidh tiúchan Ge ar mó í ná 30 % nó arb ionann í agus sin ($Si_{0,70}Ge_{0,30}$).

Nóta Teicniúil 2:

Chun críoch 3B901k, sainmhínítear 'radacach' mar adamh, móilín, nó ian a bhfuil leictreon neamhphéireáilte aige i gcumraíocht leictreonsceall oscailte.

3B901o

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([11])

Trealamh glantacháin nó bainte, mar a leanas:

1. Trealamh atá deartha chun iarmhar polaiméireach agus scannán ocsaíde copair a bhaint agus lenar féidir miotal copair a shil-leagan i dtimpeallacht folúis (arb ionann í agus 0,01 Pa nó ar lú ná sin).

([9]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.f.7. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([10]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B902. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.
([11]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.c. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.

2. Trealamh ag a bhfuil cuasáin éagsúla nó stáisiúin éagsúla, atá deartha chun ocsaíd dromchla thirim a ghlanadh roimh bhaint nó chun dromchla thirim a dhí-éilliú.

Tabhair faoi deara:

Níl feidhm ag Rialú 3B901o maidir le trealamh sil-leagain.

3B901p1

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([12])

Trealamh atá deartha nó modhnaithe i gcomhair Sil-leagan Ciseal Adamhach de mholaibdéineam, de ruitéiniam, nó de mheascáin den dá ábhar, agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

a. Tá foinse réamhtheachtaí miotail aige atá deartha nó modhnaithe chun oibriú ag teocht ar mó í ná 75 °C agus

b. Tá cuasán próisis (modúl) aige ina n-úsáidtear dí-ocsaídeoir ina bhfuil hidrigin atá faoi bhrú ar mó é ná 30 Torr (4 kPa) nó arb ionann é agus sin.

Tabhair faoi deara:

Ní gá foinse an réamhtheachtaí miotail a chomhtháthú leis an trealamh.

3B901p2

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([13])

Trealamh atá deartha le haghaidh sil-leagan gaile ceimicí plasmaileasaithe nó sil-leagan gaile ceimiceach fréamhchúnta agus leasú UV ar ardán aonair de scannán tréleictreach, agus an fhoshraith á coinneáil ag teocht ar lú í ná 500 °C, agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

a. Ar tiús ar mó é ná 6 nm, agus ar lú é ná 20 nm ar 'bhearnaí'miotail a bhfuil céim ar lú í ná 24 nm acu agus a bhfuil 'cóimheas treoíochta'arb ionann é agus 1:1,8 nó ar mó é ná sin acu agus

b. Tá tairseach tréleictreach ar lú é ná 3,0 aige.

Nótaí Teicniúla:

1. Is éard is 'bearnaí'ann an spás idir na línte miotail.

2. Is éard is 'cóimheas treoíochta'ann cóimheas airde an phoill go doimhneacht an phoill idir na línte miotail.

3B901p3

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([14])

Trealamh sil-leagain a bhfuil instealladh leachta dhírigh de níos mó ná dhá réamhtheachtaí miotail aige, atá deartha nó modhnaithe chun scannán tréleictreach comhfhoirmiúil a shíl-leagan a bhfuil tairseach tréleictreach (K) aige ar mó í ná 40 i 'mbearnaí' a bhfuil 'cóimheas treoíochta' ar mó ná 200:1 é acu i gcuasán sil-leagain aonair.

Nótaí Teicniúla:

1. Is éard is 'bearnaí'ann an spás idir na línte miotail.

2. Is éard is 'cóimheas treoíochta'ann cóimheas airde an phoill go doimhneacht an phoill idir na línte miotail.

3B901p4

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([15])

Trealamh sil-leagain a bhfuil instealladh leachta dhírigh de níos mó ná dhá réamhtheachtaí miotail aige, atá deartha nó modhnaithe chun scannán tréleictreach comhfhoirmiúil a shíl-leagan a bhfuil tairseach tréleictreach (K) aige ar mó í ná 35 i 'mbearnaí'a bhfuil'cóimheas treoíochta' ar mó ná 50:1 é acu i gcuasán sil-leagain aonair.

([12]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.d.3. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([13]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.d.4. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([14]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.d.5. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([15]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.d.6. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.

Nótaí Teicniúla:

1. *Is éard is 'bearnaí'ann an spás idir na línte miotail.*

2. *Is éard is 'cóimheas treoíochta'ann cóimheas airde an phoill go doimhneacht an phoill idir na línte miotail.*

3B901p5

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([16])

Trealamh nó córais monaraithe leathsheoltóra atá deartha le haghaidh próiseáil ilchéime i gcuasáin nó stáisiúin éagsúla, mar a leanas:

a. Fás roghnaíoch tungstain gan bhacainn; nó

b. Fás roghnaíoch molaibdéinim gan bhacainn.

3B901p6

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([17])

Trealamh atá deartha le haghaidh sil-leagan le cúnamh ó fhréamhacha a ghintear go cianda, lenar féidir scannán ina bhfuil sileacan agus carbón a dhéanamh, agus ar fíor ina leith na hairíonna uile seo a leanas den scannán síl-leagtha:

a. I 'mbearnaí'a bhfuil 'cóimheas treoíochta' ar mó é ná 5:1 agus oscailtí cliathánacha ar lú iad ná 35 nm acu;

b. Tairseach tréleictreach (k) ar lú é ná 4,4; agus

c. Céim bearna go bearna ar lú é ná 45 nm.

Nótaí Teicniúla:

1. *Is éard is 'bearnaí'ann an spás idir na línte miotail.*

2. *Is éard is 'cóimheas treoíochta'ann cóimheas airde an phoill go doimhneacht an phoill idir na línte miotail.*

3B901p7

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([18])

Trealamh, nach sonraítear in 3B901p6, atá deartha le haghaidh sil-leagan le cúnamh ó fhréamhacha a ghintear go cianda, lenar féidir scannán ina bhfuil sileacan agus carbón a dhéanamh, agus ar fíor ina leith na hairíonna uile seo a leanas den scannán síl-leagtha:

a. I 'mbearnaí'a bhfuil 'cóimheas treoíochta' ar mó é ná 5:1 agus oscailtí cliathánacha ar lú iad ná 70 nm acu;

b. Tairseach tréleictreach (k) ar lú é ná 5,3; agus

c. Céim bearna go bearna ar lú é ná 100 nm.

Nótaí Teicniúla:

1. *Is éard is 'bearnaí'ann an spás idir na línte miotail.*

2. *Is éard is 'cóimheas treoíochta'ann cóimheas airde an phoill go doimhneacht an phoill idir na línte miotail.*

3B903

Arna eisiúint ag an Spáinn ([19])

Trealamh leictreonmhicreascóp scanacháin atá deartha chun feistí leathsheoltóra nó ciorcaid iomlánaithe a íomháú, ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas:

a. Tá cruinneas suite céime acu arb ionann é agus 30 nm nó ar lú é ná sin;

b. Déanann sé trasnamhéadracht léasair le cruinneas suite céime;

c. Déanann sé suíomh a chalabrú laistigh de réimse radhairc bunaithe ar thomhas fadscála trasnamhéadair léasair;

([16]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.d.7. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([17]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.d.8. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([18]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B801.d.9. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([19]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B901. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.

d. Tá ar a chumas íomhánna a bhfuil níos mó ná $2x10^8$ phicteilín acu a bhailiú agus a stóráil;

e. Tá forluí réimse radhairc acu ar lú é ná 5 % i dtreonna ingearacha agus cothrománacha;

f. Tá fuáil forluí réimse radhairc acu ar lú é ná 50 nm; agus

g. Tá voltas luasghéaraithe acu ar mó é ná 21 kV;

Tabhair faoi deara:

Áirítear le 3B903 trealamh leictreonmhicreascóp scanacháin atá deartha chun sliseanna a dheisiú.

3B905

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([20])

Trealamh méadreolaíochta nó iniúchta, mar a leanas:

a. Trealamh méadreolaíochta um locht sliseoige patrúnaithe nó trealamh iniúchta um locht sliseoige patrúnaithe, atá deartha nó modhnaithe chun glacadh le sliseoga ar mó iad ná 300 mm ar trastomhas nó arb ionann iad agus sin, agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

    1. Tá siad deartha nó modhnaithe chun lochtanna a bhrath ar méid iad arb ionann í agus 21 nm nó ar lú í ná sin; agus

    2. Is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

        a. Tá foinse solais aige ag a bhfuil tonnfhad optúil ar lú é ná 400 nm;

        b. Tá foinse léis leictreoin aige ag a bhfuil taifeach ar lú (ar fearr) é ná 1,65 nm nó arb ionann é agus sin;

        c. Tá foinse léis leictreoin Astaithe Réimse Fhuair aige; nó

        d. Tá dhá fhoinse léis leictreoin nó níos mó aige.

b. Trealamh atá deartha chun fócas nó forleagan a thomhas i ndiaidh friotaíocht a fhorbairt nó i ndiaidh eitseáil a dhéanamh ar shliseoga táirge trí úsáid a bhaint as forleagan íomhábhunaithe nó teicnící tomhais bunaithe ar dhíraonadh, a bhfuil cruinneas tomhais forleagain aige ar lú (ar fearr) é ná 0,5 nm nó arb ionann é agus sin agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

    1. Tá sé deartha lena chomhtháthú i 'riantán'; nó

    2. 'Feidhmiúlacht mear-lasctha tonnfhaid'.

Nótaí Teicniúla:

1. Is éard is 'riantán' ann trealamh atá deartha chun fótafhriotaí a shainfhoirmlítear le haghaidh liteagrafaíochta a bhratú agus a fhorbairt.

2. Sainmhínítear 'feidhmiúlacht mear-lasctha tonnfhaid' mar an cumas an tonnfhad tomhais a athrú agus tomhas a fháil laistigh de 25 ms.

3B915

Arna eisiúint ag an Spáinn ([21])

Trealamh atá deartha le haghaidh 'nascadh hibrideach' agus ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas:

1. Tá cruinneas ailínithe níos ná 1 µm aige; agus

2. Tá 'miontimpeallacht' aige atá rátáilte ag ISO 3 nó níos fearr.

Tabhair faoi deara:

Áirítear in 3B915 trealamh atá deartha le haghaidh nascadh dísle-go-dísle, nascadh dílse-go-sliseog le láithriú díreach, nascadh comhchoiteann dílse-go-sliseog, agus nascadh sliseoige-go-sliseog.

([20]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B802.c. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.

([21]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3B915. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2025 ('Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).

Nóta Teicniúil:

Chun críocha 3B915:

1. *Sainmhínítear 'nascadh hibrideach' mar mhiotal a nascadh le miotal agus tréleictreach a nascadh le sraitheanna tréleictreacha sa seicheamh próisis céanna.*

2. *Is éard atá sa 'mhiontimpeallacht' an timpeallacht laistigh den uirlis.*

3D Bogearraí

3D901-3

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([22])

'Bogearraí' atá saindeartha chun trealamh atá sonraithe in 3B901p1, 3B901p2, 3B901p3, 3B903p5 nó 3B901p6 'a fhorbairt', 'a tháirgeadh', nó 'a úsáid'.

3D901-5

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([23])

'Bogearraí' atá saindeartha chun trealamh a shonraítear in 3B901f6 'a fhorbairt', 'a tháirgeadh' nó 'a úsáid'.

3D901-6

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([24])

'Bogearraí'atá saindeartha chun trealamh atá sonraithe in 3B901p4, 3B901p7 nó 3B905 'a fhorbairt', 'a tháirgeadh' nó 'a úsáid'.

3D904

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([25])

'Bogearraí' 'liteagrafaíochta ríomhaireachtúla' atá deartha nó modhnaithe chun patrúin ar mhaisc liteagrafaíochta ultraivialaite doimhne a 'fhorbairt' nó a 'tháirgeadh'.

Nóta Teicniúil:

Is éard atá i gceist le 'liteagrafaíocht ríomhaireachtúil' samhaltú ar ríomhaire chun feidhmíocht íomháithe an phróisis liteagrafaíochta a thuar, a cheartú, a optamú agus a fhíorú thar raon patrún, próiseas agus coinníollacha córais.

3D907

Arna eisiúint ag an Spáinn ([26])

'Bogearraí' atá deartha chun sonraí 'GDSII'nó sonraí coibhéiseacha leagain amach chaighdeánaigh a bhaint amach agus ailíniú ciseal go ciseal a dhéanamh ó íomhánna Leictreonmhicreascóip Scanacháin, agus sonraí ilchiseal 'GDSII' nó an glanliosta ciorcaid a ghiniúint.

Faisnéis bhreise:

A mhéid a bhaineann leis an Spáinn, tá feidhm ag an nóta seo a leanas:

Nóta Teicniúil:

Is éard is GDSII ('Córas Deartha Grafach II') ann formáid comhaid bunachar sonraí le haghaidh malartú sonraí i leith obair ealaíne ciorcaid iomlánaithe nó obair ealaíne leagain amach ciorcaid iomlánaithe.

([22]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3D807. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([23]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3D806. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([24]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3D808. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([25]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3D809. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([26]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3D901. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.

3E Teicneolaíocht

1E925

Arna eisiúint ag an Spáinn ([27])

'Teicneolaíocht' chun trealamh a mhonarú atá deartha le haghaidh 'nascadh hibrideach'a shonraítear in 3B915.

3E901-1

Arna eisiúint ag an Spáinn ([28])

'Teicneolaíocht' chun micreascóip leictreonacha scanacháin a shonraítear in 3B903 'a fhorbairt' nó 'a tháirgeadh'.

3E901-2

Arna eisiúint ag an bhFionlainn ([29])

'Teicneolaíocht' de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le 'forbairt' nó 'táirgeadh' trealaimh nó ábhar a shonraítear in 3A901a16.

Nóta Teicniúil:

Is éard atá i 'bPacáiste Deartha Próisis' uirlis bogearraí arna soláthar ag monaróir leathsheoltóra chun a áirithiú go gcuirtear na cleachtais agus na rialacha deartha is gá san áireamh chun dearadh ciorcaid iomlánaithe sonrach a tháirgeadh i bpróiseas leathsheoltóra ar leith, i gcomhréir le srianta teicneolaíochta agus monaraíochta (bíonn 'pacáiste deartha próisis' ar leith ag gach próiseas monaraithe leathsheoltóra).

Faisnéis bhreise:

A mhéid a bhaineann leis an bhFionlainn, tá feidhm ag an Nóta seo a leanas:

Nóta:

Ní rialaítear 'Pacáistí Deartha Próisis' le 3E901-2 mura n-áirítear iontu leabharlanna a chuireann feidhmeanna nó teicneolaíochtaí chun feidhme le haghaidh na n-ítimí a shonraítear in 3E901-2.

3E901-6

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([30])

'Teicneolaíocht' atá 'riachtanach' chun trealamh a shonraítear in 3B901f6 'a fhorbairt', 'a tháirgeadh' nó 'a úsáid'.

3E901-7

Arna eisiúint ag an Spáinn ([31])

'Teicneolaíocht' chun bogearraí a shonraítear in 3D907 'a fhorbairt' nó 'a tháirgeadh'.

3E901-8

Arna eisiúint ag an Spáinn ([32])

'Teicneolaíocht' chun trealamh atá deartha le haghaidh eitseáil thirim a shonraítear in 3B901k 'a fhorbairt' nó 'a tháirgeadh'.

([27]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 1E925. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2025 ('Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).
([28]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E901. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.
([29]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E901. Iarscríbhinn a ghabhann le Gníomh 500/2024.
([30]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E806. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([31]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E902. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.
([32]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E903. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.

3E901-9

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([33])

'Teicneolaíocht' atá 'ag teastáil' chun trealamh a shonraítear in 3B901p1, 3B901p2, 3B901p3, 3B901p5 nó 3B901p6 'a fhorbairt', 'a tháirgeadh', nó 'a úsáid'.

3E901-10

Arna eisiúint ag an Ísiltír ([34])

'Teicneolaíocht' atá 'ag teastáil' chun trealamh a shonraítear in 3B901p4, 3B901p7 nó 3B905 'a fhorbairt', 'a tháirgeadh', nó 'a úsáid'.

3E905

Arna eisiúint ag an Spáinn ([35])

'Teicneolaíocht' chun ciorcaid nó feistí iomlánaithe 'a fhorbairt' nó 'a tháirgeadh', lena n-úsáidtear struchtúir 'Trasraitheora Tionchair Réimse Timpeallgheatach'.

3E924

Arna eisiúint ag an Spáinn ([36])

'Teicneolaíocht' chun ciorcaid leictrea-optúla agus 'ciorcaid iomlánaithe optúla' a mhonarú, mar a shonraítear in 3A911.

CATAGÓIR 4 - RÍOMHAIRÍ

4A Córais, Trealamh agus Comhpháirteanna

4A906

Arna eisiúint ag an Spáinn ([37])

Ríomhairí candamacha agus cóimeálacha leictreonacha gaolmhara agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, mar seo a leanas:

a. Ríomhairí candamacha, i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

1. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 34 ghiotán chandamacha fhisiceacha nó níos mó ach níos lú ná 100 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 10^{-4} nó arb ionann í agus sin;

2. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 100 giotán candamach fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 200 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná 10^{-3} nó arb ionann í agus sin;

3. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 200 giotán candamach fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 350 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $2x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

4. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 350 giotán candamach fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 500 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $3x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

5. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 500 giotán candamach fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 700 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $4x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

6. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 700 giotán candamach fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 1 100 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $5x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

([33]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E807. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([34]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E808. Foscríbhinn a ghabhann le hAirteagal II d'Ordú uimh. BZ2411160.
([35]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E904. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.
([36]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 3E924. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2025 ('Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).
([37]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4A901. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.

7. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 1 100 giotán candamach fisiceach nó níos mó ach níos lú ná 2 000 ceann acu, atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil agus a bhfuil earráid C-NOT acu ar lú í ná $6x10^{-3}$ nó arb ionann í agus sin;

8. Ríomhairí candamacha a thacaíonn le 2 000 giotán candamach fisiceach nó níos mó atá rialaithe go hiomlán, nasctha agus feidhmiúil;

b. Feistí giotáin chandamaigh agus ciorcaid giotáin chandamaigh ina bhfuil eagair de ghiotáin chandamacha fhisiceacha nó a thacaíonn leo, agus atá saindeartha le haghaidh ítimí a shonraítear in 4A906;

c. Comhpháirteanna rialaithe chandamaigh agus feistí tomhais candaim atá saindeartha le haghaidh ítimí a shonraítear in 4A906.

Nótaí:

1. *Tá feidhm ag 4A906 maidir le ríomhairí candamacha samhla ciorcaid (nó 'geatabhunaithe') agus ríomhairí candamacha aonbhealaigh (nó 'tomhasbhunaithe').*

2. *Ní gá go mbeadh aon ghiotán candamach go fisiceach in ítimí a shonraítear in 4A906. Mar shampla, ní bhíonn ítim fisiceach go buan i ríomhairí candamacha atá bunaithe ar scéimeanna fótónacha ar féidir é a aithint mar chandamghiotán. Gintear na candamghiotáin fhótónacha agus an ríomhaire ag feidhmiú agus caitear i leataobh iad ina dhiaidh sin.*

3. *Áirítear ar na hítimí a shonraítear in 4A906 leathsheoltóirí, forsheoltóirí agus sliseanna giotáin chandamaigh fótónacha agus eagair sliseanna; eagair ianghaiste; teicneolaíochtaí gaibhniúcháin candamghiotáin eile; agus idirnaisc chomhleanúnacha idir na heilimintí sin.*

4. *Tá feidhm ag 4A906 maidir le hítimí atá deartha chun giotáin chandamacha chónaitheacha ríomhaire chandamaigh a chalabrú, a thúsú, a ionramháil nó a thomhas.*

Nótaí Teicniúla:

Chun críocha 4A906:

1. *Is é is candamghiotán fisiceach ann córas candamach dhá leibhéal a úsáidtear chun bunaonad na loighce candamaí a léiriú trí ionramhálacha agus trí thomhais nach gceartaítear a n-earráidí. Tá difríocht idir candamghiotáin fhisiceacha agus candamghiotáin loighciúla sa mhéid is gur candamghiotáin earráidcheartaithe iad na cinn dheireanacha atá comhdhéanta de roinnt candamghiotáin fhisiceacha.*

2. *Ciallaíonn rialaithe go hiomlán gur féidir an candamghiotán fisiceach a chalabrú, a thúsú, a gheatú agus a léamh amach, de réir mar is gá.*

3. *Ciallaíonn nasctha gur féidir oibríochtaí geata dhá chandamghiotán a dhéanamh idir aon phéire treallach de na candamghiotáin fhisiceacha fheidhmiúla atá ar fáil. Ní gá go mbeadh nascacht 'uile-go-huile' i gceist leis sin.*

4. *Ciallaíonn feidhmiúil go gcomhlíonann an candamghiotán fisiceach feidhmeanna oibre ríomhaireachtúla candamacha uilíocha de réir shonraíochtaí an chórais maidir le tomhais toirte agus toillte, i gcomhréir le dílseacht oibríochtúil candamghiotáin.*

5. *Tagraíonn tacú le 34 nó níos mó ghiotán chandamacha fhisiceacha fheidhmiúla nasctha atá rialaithe go hiomlán, do chumas ríomhaire chandamaigh an fhaisnéis chandamach atá cuimsithe i 34 ghiotán chandamacha fhisiceacha nó níos mó a theorannú, a rialú, a thomhas agus a phróiseáil.*

6. *Is é is earráid C-NOT ann an ghnáthearráid gheata fhisicigh maidir leis na geataí Rialaithe-NOT (C-NOT) is gaire do dhá chandamghiotán fhisiceacha.*

4A907

Arna eisiúint ag an bhFionlainn ([38])

Ríomhairí, 'cóimeálacha leictreonacha', agus 'comhpháirteanna' ina bhfuil ciorcad iomlánaithe amháin nó níos mó, a thuairiscítear in 3A901a16.

Nóta Teicniúil:

Chun críocha 4A907, áirítear i ríomhairí 'ríomhairí digiteacha', ríomhairí hibrideacha, agus ríomhairí analógacha.

([38]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4A902. Iarscríbhinn a ghabhann le Gníomh 500/2024.

4E Teicneolaíocht

4E901b3

Arna eisiúint ag an Spáinn ([39])

'Teicneolaíocht' chun ríomhairí candamacha, feistí candamacha agus ciorcaid giotáin chandamaigh 'a fhorbairt' nó 'a tháirgeadh', chomh maith le comhpháirteanna candamacha tomhais agus rialaithe a shonraítear in 4A906.

4E902

Arna eisiúint ag an bhFionlainn ([40])

'Teicneolaíocht' de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht chun trealamh nó 'bogearraí' atá sonraithe in 4A907 'a fhorbairt', 'a tháirgeadh' nó 'a úsáid'.

CATAGÓIR 5 – TEILEACHUMARSÁID AGUS 'SLÁNDÁIL FAISNÉISE'

Cuid 1 - TEILEACHUMARSÁID

5A1 Córais, Trealamh agus Comhpháirteanna

5A901

Arna eisiúint ag an Spáinn ([41])

Córais agus trealamh radaimhinicíochta nach sonraítear in 5A001.f agus 5A001.h, comhpháirteanna agus gabhálais, atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas a fhorbairt:

1. Smacht agus ceannas a ghlacadh ar eitleáin gan foireann.

2. Cuir isteach d'aon ghnó agus go roghnach ar chomharthaí radaimhinicíochta nó iad a dhiúltú, a chosc, a dhíghrádú nó a mhealla chun eitleáin gan foireann a rialú agus a stiúradh.

3. Saintréithe sonracha an phrótacail radaimhinicíochta a úsáideann eitleáin gan foireann a úsáid chun cur isteach ar a n-oibriú.

N.B. *Maidir le córais suaite GNSS, féach freisin Rialuithe maidir le hEarraí Míleata, Catagóir 11.b.*

5A902

Arna eisiúint ag an Spáinn ([42])

Córais, trealamh agus comhpháirteanna faireachais le haghaidh líonraí poiblí faisnéise agus cumarsáide, nach sonraítear in 5A001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021, atá ceaptha le haghaidh aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas:

1. Faireachán maidir le feidhmeanna idircheaptha dhlíthiúil (de réir ceanglais idircheaptha dhlíthiúla agus slándála teileachumarsáide maidir le feidhmeanna líonra ETSI ES 201 158, comhéadan aistrithe chun trácht teileachumarsáide ETSI ES 201 671 nó caighdeáin agus sonraíochtaí coibhéiseacha a idircheapadh go dleathach) agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh.

([39]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4E901. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann leis an bhForaithne Ríoga 679/2014.
([40]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 4E902. Iarscríbhinn a ghabhann le Gníomh 500/2024.
([41]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 5A901. Iarscríbhinn III.4 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2022 ('Iarscríbhinn III.4 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).
([42]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 5A902. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2022 ('Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).

2. Coinneáil sonraí glao (i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sonraí a idircheapadh go dleathach ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun sonraí ETSI TS 102 656 nó caighdeáin agus sonraíochtaí coibhéiseacha a láimhseáil) agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh.

Nóta Teicniúil:

Áirítear le sonraí glao faisnéis chomharthaíochta, áit tionscnaimh agus ceann scríbe, (e.g. uimhreacha gutháin, seoltaí IP nó MAC, etc.), dáta, am agus áit tionscnaimh gheografach na cumarsáide.

Tabhair faoi deara:

Ní rialaítear le 5A902 córais, trealamh nó comhpháirteanna atá saindeartha chun na gcríoch seo a leanas:

a. Sonrascadh;

b. Feidhmeanna bailithe sonraí laistigh de na heilimintí líonra;

c. Cáilíocht seirbhíse an líonra; nó

d. Sásamh úsáideoirí.

5D1 Bogearraí

5D902

Arna eisiúint ag an Spáinn ([43])

'Bogearraí' nach sonraítear in 5D001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun córais, trealamh agus comhpháirteanna faireachais a shonraítear in 5A902 'a fhorbairt', 'a tháirgeadh' agus 'a úsáid' mar aon lena gcumraíocht fheidhmiúil agus rialú feidhmíochta.

([43]) Cód náisiúnta coibhéiseach: 5D902. Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2022 ('Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014' ina dhiaidh seo).